Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Eanáir 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0419 (NLE)**

**15791/1/18
REV 1**

**EURODAC 38
ENFOPOL 636
COMIX 733**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn agus Ríocht na hIorua, a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua, i ndáil leis na critéir agus na sásraí lena mbunaítear cé acu Stát a bheidh freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh i mBallstát nó san Íoslainn nó san Iorua i dtaca le rochtain ar Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail idir an tAontas Eorpach,
an Íoslainn agus Ríocht na hIorua,
a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach
agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua,
i ndáil leis na critéir agus na sásraí lena mbunaítear cé acu Stát a bheidh freagrach
as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh i mBallstát nó
san Íoslainn nó san Iorua i dtaca le rochtain ar Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (a) d'Airteagal 87(2) agus pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 88(2), i gcomhar le pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an [dáta] (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/… ón gComhairle[1+], síníodh an Prótacal idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn agus Ríocht na hIorua a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua, i ndáil leis na critéir agus na sásraí lena mbunaítear cé acu Stát a bheidh freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh i mBallstát nó san Íoslainn nó san Iorua i dtaca le rochtain ar Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí ("an Prótacal") ar an …[++], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Chun tacú agus treisiú leis an gcomhar póilíneachta idir údaráis inniúla na mBallstát agus údaráis inniúla na hÍoslainne agus na hIorua chun cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, tá gá le rannpháirtíocht an Aontais chun a chur ar a gcumas don Íoslainn agus don Iorua a bheith rannpháirteach sna gnéithe sin de Eurodac a bhaineann le forfheidhmiú an dlí.

---

[1] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2019/… an … maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn agus Ríocht na hIorua, a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua, i ndáil leis na critéir agus na sásraí lena mbunaítear cé acu Stát a bheidh freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh i mBallstát nó san Íoslainn nó san Iorua i dtaca le rochtain ar Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí (IO L …, …, lch. …).

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá in ST 15793/18 agus críochnaigh an fonóta comhfhreagrach.

[++] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Phrótacail.

(3) Ba cheart an Prótacal a fhormheas.

(4) Tá an Ríocht Aontaithe agus Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus dá bhrí sin tá siad rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú "Eurodac" chun méarloirg a chur i gcomparáid le chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dhlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (IO L 180, 29.6.2013, lch. 1).

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Prótacal idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn agus Ríocht na hIorua, a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua, i ndáil leis na critéir agus na sásraí lena mbunaítear cé acu Stát a bheidh freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh i mBallstát nó san Íoslainn nó san Iorua i dtaca le rochtain ar Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, a fhormheas thar ceann an Aontais[1+].

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) den Phrótacal.

---

[1] Tá téacs an Phrótacail foilsithe in IO L ….

[+] IO: cuir isteach san fhonóta, le do thoil, tagairt IO an Phrótacail atá i ndoiciméad ST 15792/18.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*